

MOLTAÍ / SUGGESTIONS

CEISTNEOIR COMÓNTA – GENERAL QUESTIONNAIRE

Ceist 33 & 34 – Conas daoine óga a spreagadh?

- Páistí a spreagadh chun an teanga a labhairt (*Encourage children to speak the language*).
- Tabhair cúrsaí do thuismitheoirí páistí scoile (*Give courses for parents of school children*).
- Ceachtanna a beith ar siúl agus ciorcail chainte.
- Gan ach Gaeilge amháin a labhairt leo.
- Aip Gaeilge – slite spráíúla an Ghaeilge a fhoghlaim (*An Irish App – fun ways to learn Irish*) – Ciorcal Cainte.
- Ranganna Labhartha a chur ar fáil a bheadh suimiúil & taitneamhach.
- Daoine sna siopaí a mhúscailt chun Gaeilge a labhairt le custaiméirí.
- É a dhéanamh ‘cool’ Gaeilge a labhairt.
- Daoine cáiliúla a mhúscailt chun í a fhoghlaim.
- Cúrsaí spóirt / peil – sacar.
- Caitheamh aimsire trí Ghaeilge - siúl, grianghrafadóireacht, garraíodóireacht, bádóireacht s.rl.
- Níos mó imeachtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge.
- B'fhéidir na foirne oibre sna tithe tábhairne agus sna gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun níos mó Gaeilge a labhairt leis na daoine áitiúla.
- Rudaí cosúil le lá spóirt bliantúil idir na monarchana/gnólachtaí. Bhíodh ceann na blianta ó shin nuair a bhí mé óg agus bhíodh sé ar fheabhas.
- Ba bhreá liom freastal ar chiorcal comhrá sa sráidbhaile nó áit éigin ina mbeadh deis agam mo chuid Gaeilge a chleachtadh agus bualadh le daoine eile ar mian leo Gaeilge a labhairt (*I love to go to a ciorcal comhrá in the village or area where I would get a chance to practice my Irish and also meet other people who also like speaking Irish*).
- Aifreann as Gaeilge a bheith ann ar bhonn níos minice (*Having Irish mass more frequently*).
- Níos mó deiseanna úsáide a chur ar fáil.
- Polasaí teanga i ngach áit oibre, monarchana an Údaráis san áireamh.
- Ranganna Gaeilge cearta. Táim tar éis freastal ar 3 rang éagsúil agus ní raibh aon mhaitheas leo. Droch-mhúinteoirí (*Proper Irish classes. Have been to 3 different ones and all useless. Crap teachers*).
- Tábhacht na Gaeilge a mhíniú.
- Ranganna a chur ar fáil saor in aisce.
- Níos mó ranganna comhrá (*More conversational classes*).
- Í a dhéanamh nádúrtha. Cinntigh go bhfuil fostóirí ag cur ceisteanna mar gheall ar leibhéal Gaeilge na bhfostaithe agus go mbeadh sé mar nós acu fáilte a chur roimh duine sa siopa s.rl. trí Ghaeilge.... fiú mas é sin an t-aon frása atá acu.
- Dá mbeadh sí mar chuid laethúil den lá anseo ní bheadh leisce ar éinne í a labhairt agus feabhas a chur uirthi.

- Ceapaim bunachar sonraí le sean-aistriúcháin agus aistriúcháin nua ionas nach bhféadfadh an córas oideachais a rá nach bhfuil teanga ar chaighdeán scrúdaithe agus gan cead a thabhairt do mhuintir na háite dá réir úsáid a bhaint as teanga a bhíodh á clos acu agus iad ag fás aníos (*I think a database with old and new Irish translations giving the education system no excuse to say a language is not exam standard and not allowing local people to use a language they were used to hearing when they were growing up*).
- Abairtí coitianta a n-úsáidtear sa Bhéarla leis an aistriúcháin Gaeilge scríofa ar bhonn foghraíochta (ionas go mbeadh níos mó muiníne ag daoine go bhfuil na focail á bhfuaimniú i gceart acu) a chrochadh in airde sna siopaí, tithe tábhairne s.rl. (*Have common sentence used in English with the Irish translation phonetically written (so people are more confident that they are pronouncing words properly) displayed in shops, pubs etc.*).
- Na meáin shóisialta (*social media*) as Gaeilge.
- Rudaí le craic a eagrú dóibh, taobh amuigh den GAA, ceol s.rl.
- Níos mó Gaeilge sna clubanna óige / cumainn peile s.rl.
- Níos mó spraoi agus gníomhaíochtaí sóisialta ina spreagtar iad chun labhairt go neamhfhoirmiúil trí Ghaeilge.
- Dá labhródh daoine fásta níos mó Gaeilge lena chéile sa phobal, mothaím go leanfadh na páistí an nós céanna (*If adults spoke more Irish to each other in the community I feel that children would follow suit*).
- Labhair Gaeilge a oiread agus is féidir nuair atáthar ag sóisialú (*Speak Irish as much as possible when socializing*).
- Polasaí Gaeilge sa chlós a bheith sa dhá mheánscoil. Tacú leis an óige a gcuid imeachtaí féin a eagrú.
- Ba cheart do dhaoine fásta cloí leis an nGaeilge a labhairt le páistí. Comharthaiocht ildaite mórthimpeall an tsráidbhaile ionas go bhféachann sí mealltach do pháistí (*Adults to persist with talking in Irish to children. Colourful signage around our village so it looks appealing to children*).
- Iad a spreagadh an teanga a úsáid lasmuigh den scoil (*Encourage them to use the language outside of school*).
- Í a déanamh 'cool' dóibh í a úsáid.
- Campaí a chuir ar fáil.
- Arís má tá fáilte rompu Gaeilge a labhairt taobh amuigh den scoil déanfaidh siad. Is múinteoir mé a spreagann daltaí go laethúil agus creidim gurb é an rud is tábhachtaí ná bunchloch a leagadh agus dea-shampla a léiriú dóibh maidir le húsáid na teanga.
- Club Óige.
- Cinnte má spreagtar teaghlaigh agus clainnte an teanga a úsáid beidh sé sin ar an slí is fearr í a thabhairt ar aghaidh. Cead a thabhairt do dhaoine í a fhoghlaim ag luas a oireann dóibh féin (*Encouraging homes and families to use the language will surely be the best way to carry it on. Allowing people to learn at their own pace*).
- Gaeilge a úsáid a oiread agus is féidir, ach chomh fada agus atá an fhoghraíocht/fuaimniú i gceart in úsáid (*To use Irish as much as possible but as long as correct pronunciations are used*).
- Na meáin shóisialta (*social media*) as Gaeilge.
- gníomhaíochtaí trí ghaeilge - drámaíocht, ceol, clubanna is rl

CEIST 35 & 36 - Cad iad na háiseanna atá in easnamh?

- Áiseanna Cúram Leanaí.
- Lárionad fiontraíochta x 2.
- Imeachtaí Sóisialta x 2.
- Tá na háiseanna i Múscraí go hiontach.
- Bealaí Glasa.
- Bealaí glasa, áit rothaíochta, lárionad gnó.
- Tá líon mór daoine óga le Gaeilge idir an Bhlarna & Baile an Chollaig agus níl aon cheangal leis an nGaeltacht taobh amuigh den scoil, nó leis an nGaeltacht áitiúil.
- Ionad de shaghas éigin i gcóir páistí.
- Clós súgartha.
- Plásóga spóirt uile aimsire.
- Café. Ár linn snámha a fheabhsú agus roinnt daoine áitiúla a thraenáil i sábháilteacht uisce ionas go bhféadfaí í a oscailt níos minice (*Café. Improve our swimming pool and train a few locals in water safety so they could open it more often*).
- Cosáin le haghaidh siúil/rith le soilsiú. Caidéil pheitрил. Uchtóg mhoillithe ag teacht isteach inár sráidbhaile ó thaobh Inse Geimhleach. Tuilleadh boscaí bruscair. Siopa Uí Chorcra a phéinteáil!!!! (*Pathways for walking/jogging with lighting. Petrol pumps. Speed bump coming into our village from the inchigeela side. More rubbish bins. Corkerys shop painted!!!!*)
- Níos mó áiseanna spóirt seachas CLG/peil (*More sport facilities besides GAA/football*).
- Bealach glas, níl aon áit dul le haghaidh siúlóid nó rothaíocht go sábhailte (*A greenway, no where to go for walk or cycle in safety*).
- Bealaí glasa, forbairt ar na haibhneacha agus na locha ó thaobh bádóireachta agus cadhcála (*kayaking*).
- Bus áitiúil idir na ceantair sa Ghaeltacht.
- Oifig an Phoist iomlán.
- Níos mó áiseanna spóirt (*More sporting facilities*).
- Tá áiseanna iontacha againn.
- Cúram leanaí. Club óige.
- Le líon na reathaithe agus siúlóirí sa cheantar b'fhéidir níos mó cosáin sna háiteanna nach bhfuil siad ann (*With the amount of joggers and walkers in the area maybe more footpaths where there are none*).
- Siopa caife (*Coffee shop*).
- Aras Gnó, Bus Éireann, Oifig an Phoist.
- Níl aon imeachtaí sóisialta.
- Áit i gcóir leanaí/déagóirí.
- Imeachtaí sóisialta a mheallfadh an óige a bheadh trí Ghaeilge. Ionad óige le háiseanna cuí a bheadh oiriúnach do dhéagóirí.
- Páirc *AstroTurf* sa Choláiste (*AstroTurf pitch in the Coláiste*).
- Aon rud seachas peil (*Anything besides football*).
- Níos mó áiseanna spóirt.
- Lean leis an gclub óige.
- Gach ceann luaithe thuas.
- Áit cosúil le café don óige (*youth café*) i gcóir na laethanta i rith laethanta saoire agus amanna nuair nach mbíonn aon scoil oscailte.
- Halla le cuidiú TF (*IT enabled Halla*).

- Ionad Cúram leanaí. Forbairt na hAbhann (An Sulán) Plean forbartha do Baile do Mhic Íre - páirceáil/áiseanna/spás pobail. Plean forbartha do Choláiste Iosagáin. Plean Forbartha do Reilg agus Coill Ghobnatan. Grúpa forbartha ghníomhach a bhunú do phobal Bhaile Mhúirne. Athbhunú Coláiste Samhraidh Chúil Aodha.

CEIST 38 – Aon rud eile gur mhaith leat a lua?

- Teacht le chéile seachtainiúil do Sheanáirí san Ionad Áise chun sóisialú – láthair an Údaráis i nGort an Imill (*A weekly get together for Senior Citizens in Ionad Áise for socialising – Údarás property in Gortanimill*).
- Ba chóir go mbeadh na scoileanna náisiúnta/na meánscoileanna i bhfad níos gníomhaí ag spreagadh daltaí i dtreo úsáid na Gaeilge. Ní leor an cur chuige is lú gnímh níos mó. Má chailltear an Ghaeilge, caillfear postanna.
- Tá sé tugtha faoi deara agam go mothaíonn roinnt daoine trína chéile nuair a dhéanann siad iarracht Gaeilge a labhairt, go háirithe le daoine atá líofa (*I've noticed some people feel embarrassed when they attempt to speak in Irish especially to people who are fluent*).
- Beatha teanga í a labhairt agus ní easpa Gaeilge atá sa cheantar ach easpa úsáide agus muinín í a úsáid. Tá spreagadh ag teastáil don lucht óg nó imeoidh an teanga in olcas nuair a bheidh deireadh leis an sean dream uasal.
- Rud éigin do sheandaoine chun bualadh le chéile le haghaidh comhrá agus seisiún amhránaíochta (Something for old people the meet and have chat and sing song).
- Seirbhísí cúram leanaí.